Bruitíneach, Leicneach agus Bruitíneach Dhearg (MMR)

freagraí ar do chuid ceisteanna

Feidhmeannas na mBord Sláinte
Ag oibriúe chéilearson na sláinte

PROTECT HEALTH IMMUNISE

MMR

An Vacsaín don Bhruitíneach, an Leicneach agus an Bhruitíneach Dhearg

freagraí ar do chuid ceisteanna

Ní cinneadh simplí a bhíonn ann aon uair do pháiste a imdhíonadh. Tig leis an eolas a bhíonn ar fáil mearbhall a chur ort, agus ní cuidiú ar bith cuid de na scéalta a bhíonn sna nuachtáin agus ar an teilifís. Is é an cuspóir atá leis an mbileog seo cabhrú leat trí na fíricí atá taobh thiar de na ceannlínte a thabhairt duit. Má tá tuilleadh fais-néise de dhíth ort, labhair le do dhochtúir teaghlaigh, Altra Sláinte Poiblí nó Altra Cleachtais.

Cad é MMR?

Cosnaíonn MMR do pháiste ar an mbruitíneach, an leicneach agus an bhruitíneach dhearg. Tugtar é do pháistí agus iad 12-15 mí d'aois agus arís nuair a bhíonn siad 4-5 bliana d'aois sna naíonáin bheaga sa Bhunscoil. Féadfar é a thabhairt freisin sa 6ú rang sa Bhunscoil mura mbeidh dhá dháileog faighte ag an bpáiste roimhe sin. Cosnaíonn an dara dáileog aon duine nár oibrigh an chéad dáileog i gceart iontu.

- Tig leis an mbruitíneach a bheith ina drochghalar ceart; cuireann an vacsaín cosc léi. Is minic a bhíonn seachghalair i gceist leis an mbruitíneach agus tig léi, fós féin, duine a mharú.

- Cuireann vacsaín na leicní cosc leis an leicneach – an chúis is mó a bhíodh le meiningíteas víreasach i bpáistí.

- De bharr vascaín na bruitíní deirge ní dhéantar damáiste do leanaí má tholgann an mháthair an bhruitíneach dhearg agus í ag iompar clainne.

Tig le MMR na galair sin a chosc in aon instealladh amháin.

Cé na fo-iarsmaí a bhaineann le MMR?

Tá trí vacsaín faoi leith in aon instealladh amháin in MMR. Baineann fo-iarsmaí éagsúla leis na vacsaíní sin ag tráthanna éagsúla.

- Thart faoi sheachtain nó 10 lá tar éis an MMR tagann fiabhras ar pháistí áirithe agus féadfaidh bruth atá cosúil le bruth bruitíní teacht ar an gcraiceann. B'fhéidir, fosta, nach mbeadh dúil i mbia acu. Tarlaíonn sé sin mar go mbíonn cuid na bruitíní den vacsaín ag teacht i bhfeidhm.

- Thart faoi thrí nó ceathair de sheachtainí tar éis an insteallta tá seans ann go bhfaighidh an páiste iarraidh bheag den leicneach, agus cuid na leicní den vacsaín ag teacht i bhfeidhm.

- Sna sé seachtaine i ndiaidh an MMR tá seans an-bheag ann go dtiocfaidh bruth spotaí beaga ar chraiceann do pháiste – codanna na bruitíní nó na bruitíní deirge den vacsaín is cúis leis sin. Is iondúil go gcneasaíonn sé sin as féin, ach má fheiceann tú spotaí den sórt sin, taispeáin do do dhochtúir iad.

I gcásanna an-annamh, féadfaidh frithghníomh ailléargach trom a bheith ag páistí díreach i ndiaidh imdhíonadh ar bith (tuairim is 1 as 100,000 imdhíonadh i gcás MMR). I measc na gcomharthaí sóirt a bhainfeadh le frithghníomh ailléargach trom tá gan bheith in ann anáil a tharraingt go héasca, slócht nó carsánacht, aodh thochais, báine san éadan, laige, bualadh mear croí nó meadhrán, agus an scornach a bheith ata. Má chuirtear cóir leighis ar an bpáiste gan mhoill, tiocfaidh biseach iomlán air nó uirthi. Na daoine a thugann imdhíonuithe, tá oiliúint curtha orthu ionas gur féidir leo déileáil le frithghníomhartha ailléargacha.

Déantar comparáid sa tábla ar an gcéad leathanach eile idir an lorg a fhágann an galar féin agus frithghníomhartha de bharr MMR.

an riocht	an líon páistí a mbíonn an riocht ag gabháil dóibh tar éis dóibh an galar a tholg go nádúrtha	an líon páistí a mbíonn an riocht ag gabháil dóibh tar éis an chéad dáileog de MMR
Trithí fiabhrasacha (taomanna a d'fhéadfadh tarlú nuair a bhíonn fiabhras trom ar pháiste)	1 as 200 (bruitíneach)	1 as 1,000
Meiningíteas (athlasadh líneáil na hinchinne) einceifilíteas (athlasadh na hinchinne)	1 as 1,000 (bruitíneach, leicneach, einceifilíteas) 1 as 20 (meiningíteas na leicní) 1 as 6,000 (einceifilíteas na bruitíní deirge)	Faoi bhun 1 as milliún
ITP (Idiopathic thrombocytopenic purpura) – Riochtaí a chuireann isteach ar théachtadh na fola	1 as 3,000 (bruitíneach dhearg) 1 as 6,000 (bruitíneach)	1 as 22,000
Frithghníomh ailléargach trom (anaifiolacsas)	-	1 as 100,000
SSPE (pananceifilíteas scléaróiseach meath-ghéar) – seach-ghalar moillithe den bhruitíneach a dtagann damáiste inchinne agus bás dá bharr.	1 as 8,000 (páistí a tholgann an bhruitíneach faoi bhun 2 bhliain)	0
Bás	Idir 1 as 2,500 agus 1 as 5,000 (bruitíneach – níos airde i bpáistí faoi bhun 1 bhliain) 1-2 as 1,000 cás fógartha den bhruitíneach le blianta beaga anuas	0

Cad faoi na tuairiscí maidir le baint a bheith ag MMR le huathachas? An bhfuil baol anseo i ndáiríre?

Níl. Bhí uathachas sa tír seo i bhfad sular baineadh úsáid as MMR. Is éard is uathachas ann mí-ord is cúis le fadhbanna iompraíochta agus teanga; aithnítear níos minice anois é ná mar a aithníodh san am atá caite. Tá faisnéis ar fáil ón Ríocht Aontaithe a léiríonn go raibh méadú ag teacht ar líon na gcásanna d'uathachas sular tugadh MMR isteach. Níor tharla aon mhéadú tobann san uathachas nuair a tugadh MMR isteach. Is minic a thugann tuismitheoirí comharthaí sóirt an uathachais faoi deara thart faoin am a dtugtar MMR don pháiste. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil ceann acu ina chúis leis an gceann eile.

Tá a lán taighde déanta ina leith seo agus léiríonn an taighde sin nach bhfuil baint ar bith idir MMR agus uathachas. Rinneadh na staidéir thaighde sin sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe, sa tSualainn agus san Fhionlainn, agus bhí na mílte páiste i gceist iontu. Tá saineolaithe ar fud an domhain, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ina measc, ar aon intinn nach bhfuil aon bhaint idir MMR agus uathachas.

Céard faoi na tuairiscí go bhfuil baint ag MMR le galar putóige?

Tá sé ráite go bhféadfadh víris bhruitíní, ón ngalar nádúrtha nó ón vacsaín, fanacht sa phutóg agus go dtiocfadh galar putóige dá mbarr. Ach níl galar putóige dada níos coitianta i ndaoine imdhíonta thar mar atá sé i ndaoine nach bhfuair imdhíonadh. Arís ar ais, is iomaí staidéar a rinneadh nach bhfuair aon bhaint idir an galar agus an vacsaín. Is é an tuairim atá ag saineolaithe ar fud na cruinne, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ina measc, go léiríonn an fhianaise go láidir nach bhfuil aon bhaint ag an mbruitíneach ná ag MMR le galar putóige.

An ndearnadh staidéar ar pháistí ar feadh tréimhse sách fada i ndiaidh MMR le go mbeadh a fhios againn go bhfuil sé sábháilte?

I Stáit Aontaithe Mheiriceá tá MMR á thabhairt le beagnach 30 bliain. Tá breis agus 500 milliún dáileog tugtha i mbreis agus 50 tír ar fud an domhain agus meastar an vacsaín a bheith an-sábháilte. Tá suas le dhá dháileog de MMR á dtabhairt do pháistí san Fhionlainn ó 1982 i leith, agus rinneadh staidéar sa tír sin ar fhrithghníomhartha a tuairiscíodh tar éis MMR. Níor aimsigh an lucht taighde aon bhás ná aon damáiste buan a raibh baint aige leis an vacsaín. Cur síos mar seo a leanas atá ag an an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ar MMR: 'vacsaín an-éifeachtach a bhfuil teist sábháilteachta den scoth uirthi.'

Nárbh fhearr do pháistí na vacaíní a fháil ina gceann agus ina gceann?

Níorbh fhearr; dá dtabharfaí na vacsaíní ina gceann agus ina gceann do pháistí, mhairfeadh an baol go dtolgfadh páistí an bhruitíneach nó an leicneach nó an bhruitíneach dhearg ar feadh achair níos faide. Tig leo sin a bheith ina ngalair throma nó ina ngalair mharfacha, fiú. Chiallódh sé freisin go dtabharfaí sé instealladh do pháistí in ionad péire. Tá sé ráite go gcuirtear ualach iomarcach ar chóras imdhíonachta na bpáistí de bharr na trí instealladh a bheith á dtabhairt dóibh le chéile. Ní fíor sin. Bíonn an-fhreagairt go deo i gcórais imdhíonta na bpáistí, agus cosnaíonn siad iad go nádúrtha in aghaidh na ngalar seo. Ní mholann aon tír ar domhan MMR a thabhairt mar thrí vacsaín faoi leith. Deir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte nár cheart trí vacsaín faoi leith a úsáid mar go bhfágfadh sé sin páistí i mbaol agus gan aon tairbhe ann dóibh dá bharr.

MMR – an tslí is sábháilte chun do pháiste a chosaint

- Tugann an fhianaise as tíortha ar fud an domhain le fios nach bhfuil baint ar bith idir MMR agus uathachas nó galar putóige.

- Cosnaíonn MMR páistí ar thrí ghalar a d'fhéadfadh bheith an-tromchúiseach. D'fhéadfaí dochar a dhéanamh do pháistí dá dtabharfaí na vacsaíní dóibh ina gceann agus ina gceann.

MMR – na fíricí

- Cosnaíonn vacsaín an MMR páistí ar an mbruitíneach, an leicneach agus an bhruitíneach dhearg.

- In imeacht beagnach 30 bliain, tugadh os cionn 500 milliún dáileog de MMR i mbreis agus 90 tír. Tá éirithe thar cionn leis ó thaobh na sábháil-teachta de.

- Tugann an fhianaise le fios nach bhfuil baint ar bith idir MMR agus uathachas nó galar putóige.

- D'fhéadfadh dochar a bheith ag baint leis an gcleachtas na vacsaíní a thabhairt ina gceann agus ina gceann. Fágann sé páistí i mbaol – go dtolgfaidís an bhruitíneach, an leicneach nó an bhruitíneach dhearg.

- I dtíortha ina bhfuil MMR ar fáil, ní mholann aon tír acu na vacsaíní a thabhairt ina gceann agus ina gceann.

- Tá an bhruitíneach thar a bheith tógálach mar ghalar agus déanann sí páistí agus daoine fásta a mharú agus a fhágáil míchumasaithe.

- Fuair triúr páistí bás i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2000 mar gur bhris ráig bhruitíní amach nuair nár ghlac mórán daoine le MMR.

- Ba í an leicneach an chúis is mó a bhí le meiningíteas víreasach i bpáistí sular tugadh isteach vacsaín an MMR. Tá deireadh curtha anois léi, nach mór.

- Tig leis an mbruitíneach dhearg an-dochar go deo a dhéanamh do leanaí sa bhroinn. I gcuid mhór cásanna is óna bpáistí féin nó ó pháistí cairde leo a tholgann mná atá ag iompar clainne an bhruitíneach dhearg.

- **Cosnaíonn vacsaín an MMR do pháiste agus do theaghlach ar an mbruitíneach, an leicneach agus an bhruitíneach dhearg. Mura mbeidh cosaint ag páistí, beidh siad i mbaol ag na galair sin.**

Má lig tú tharat do choinne i gcomhair MMR, féadfaidh tú an t-imdhíonadh a fháil uair ar bith, saor in aisce.

Iarr ar do Dhochtúir Teaghlaigh, d'Altra Sláinte Poiblí nó ar d'Altra Cleachtais tuilleadh faisnéise a thabhairt duit nó tabhair cuairt ar aon cheann de na láithreáin ghréasáin seo a leanas:

www.hebe.ie
www.ndsc.ie
www.doh.ie
www.shb.ie
www.mwhb.ie
www.whb.ie
www.nehb.ie
www.sehb.ie
www.erha.ie
www.nwhb.ie
www.mhb.ie

© Feidhmeannas na mBord Sláinte, 2002 ISBN 0 9542449 0 7

Is iad an tIonad Náisiúnta um Fhaire ar Ghalair agus na Ranna Sláinte Poiblí agus Cothú Sláinte, Bord Sláinte an Deiscirt, a chuir an bhileog seo amach.

Bunaithe ar MMR Your questions answered arna fhoilsiú ag an mBord Oideachais Sláinte d'Albain agus atáirgthe le cead.

Southern Health Board
Bord Sláinte An Deiscirt

Tá tacaíocht na n-eagraíochtaí seo a leanas ag an mbileog seo: